2026/1548

7.7.2026

CINNEADH (AE) 2026/1548 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Meitheamh 2026

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le h Airteagal 218(6), pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/2139 ón gComhairle ([1]), síníodh an Prótacal maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (2025–2029) ('an Prótacal') an 6 Deireadh Fómhair 2025, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos faide anonn.

(2) Is é is cuspóir don Phrótacal é a chur ar a gcumas do shoithí de chuid an Aontais iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe agus é a chur ar a gcumas don Aontas agus do São Tomé agus Príncipe oibriú níos dlúithe le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt, saothrú fónta acmhainne iascaigh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe agus san Aigéan Atlantach a chur chun cinn, agus rannchuidiú le dálaí oibre cuibhiúla in earnáil an iascaigh.

(3) Ba cheart an Prótacal a fhormheas thar ceann an Aontais.

(4) Le hAirteagal 9 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach ([2]) ('an Comhaontú'), bunaítear Comhchoiste ('an Comhchoiste') atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe, lena n-áirítear na prótacail cur chun feidhme a ghabhann leis. Thairis sin, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe ar na prótacail cur chun feidhme a fhormheas. Chun formheas leasuithe ar an bPrótacal a éascú, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú, faoi réir coinníollacha sonracha substainteacha agus nós imeachta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, na leasuithe sin a fhormheas thar ceann an Aontais de réir nós imeachta simplithe.

(5) Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais maidir leis na leasuithe ar an bPrótacal a bhunú. Déanfar na leasuithe atá beartaithe ar an bPrótacal a fhormheas mura rud é go gcuireann mionlach blocála de na Ballstáit ina gcoinne i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(6) Ós rud é go bhfuil níos mó ná bliain airgeadais amháin i gceist leis an bPrótacal, féadfar na gealltanais bhuiséadacha lena mbaineann a roinnt ina n-íocaíochtaí bliantúla thar thréimhse an Phrótacail, i gcomhréir le hAirteagal 112(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

([1]) Cinneadh (AE) 2025/2139 an 30 Meán Fómhair 2025 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (2025–2029) (IO L, 2025/2139, 22.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2139/oj).

([2]) IO L 205, 7.8.2007, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2007/894/oj.

([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus thug sé tuairim uaidh an 20 Lúnasa 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Prótacal maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029) ('an Prótacal'), a fhormheas thar ceann an Aontais.

Airteagal 2

I gcomhréir leis na forálacha agus na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, údaraítear an Coimisiún leis seo, thar ceann an Aontais, na leasuithe ar an bPrótacal arna nglacadh ag an gComhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 9 den Chomhaontú, a fhormheas.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha ([5]).

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 8 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. VAFEADES

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([5]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

IARSCRÍBHINN

An nós imeachta maidir le formheas a dhéanamh ar na leasuithe ar an bPrótacal atá le glacadh ag an gComhchoiste

(1) I gcás ina n-iarrfar ar an gComhchoiste leasuithe ar an bPrótacal a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16, mír 2, den Phrótacal, údarófar an Coimisiún caibidlíocht a dhéanamh le rialtas São Tomé agus Príncipe agus, i gcás inarb iomchuí agus faoi réir chomhlíonadh phointe 3 den Iarscríbhinn seo, na leasuithe atá beartaithe ar an bPrótacal a fhormheas, thar ceann an Aontais, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na deiseanna iascaireachta de bhun Airteagal 5, mír 2, Airteagal 9, mír 1, agus Airteagal 10, mír 2, den Phrótacal a athbhreithniú, agus dá bhrí sin an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 6, mír 2, pointe (a) den Phrótacal a athbhreithniú;

(b) na socruithe cur chun feidhme don tacaíocht earnála dá dtagraítear in Airteagal 7 den Phrótacal;

(c) na coinníollacha agus na socruithe teicniúla faoina ndéanann soithí an Aontais a gcuid gníomhaíochtaí iascaireachta;

(d) na coimircí breise dá bhforáiltear in Airteagal 15, mír 4 den Phrótacal, arb é is aidhm dóibh sonraí pearsanta a chosaint.

(2) Maidir leis an bhformheas a dhéanfar thar ceann an Aontais, áiritheoidh an Coimisiún:

(a) go mbeidh sé i gcomhréir le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh;

(b) go mbeidh sé comhsheasmhach leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus go gcuirfear san áireamh ann an comhbhainistiú a dhéanann stáit chósta;

(c) go gcuirfear san áireamh ann an fhaisnéis staidrimh, an fhaisnéis bhitheolaíoch agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí arna tarchur chuig an gCoimisiún.

(3) Chuige sin agus bunaithe ar an bhfaisnéis a luaitear i bpointe 2(c), déanfaidh an Coimisiún doiciméad a tharchur ina leagfar amach sonraíochtaí sheasamh molta an Aontais ('an doiciméad ullmhúcháin'), in am trátha roimh chruinniú ábhartha an Chomhchoiste, chuig an gComhairle nó a comhlachtaí ullmhúcháin lena bhreithniú agus a fhormheas.

(4) Measfar an seasamh beartaithe ón Aontas a leagtar amach sa doiciméad ullmhúcháin a bheith formheasta, ach amháin má dhéanann líon áirithe Ballstát, líon is comhionann le mionlach blocála sa Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 16, mír 4 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agóid le linn chruinniú chomhlacht ullmhúcháin na Comhairle nó laistigh de 20 lá ón doiciméad ullmhúcháin a fháil, cibé acu is túisce. I gcás na hagóide sin, cuirfear an cheist faoi bhráid na Comhairle.

(5) Más rud é, le linn cruinnithe den Chomhchoiste a thionólfar ina dhiaidh sin, nach féidir teacht ar chomhaontú, lena n-áirítear comhaontú ar an láthair, cuirfear an cheist ar ais chuig an gComhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí 2 go 4, chun go gcuirfear tosca nua san áireamh i seasamh an Aontais.

(6) Iarrtar ar an gCoimisiún aon bheart is gá a dhéanamh, in am trátha, chun obair leantach a dhéanamh ar chinneadh an Chomhchoiste, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh ábhartha a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus aon togra is gá a chur in iúl chun an Cinneadh sin a chur chun feidhme.

(7) A mhéid a bhaineann le ceisteanna eile nach mbaineann le leasuithe ar an bPrótacal i gcomhréir le hAirteagal 16, mír 2, den Phrótacal, déanfar an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais oibre sheanbhunaithe.